Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

| CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC |
|---|
| Freagair **DEICH** gceist. |
| Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc. |
| ***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH*** |

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann
Gach ceist:
Ceithre chuid @ 2 mharc an ceann
Ocht gcuid @ 1 mharc an ceann

C.1
A = Moiréan cliathánach
B = Airéit
C = Adharc phirimidiúil
D = Coire/Com/Soirc

C.2
(i) A
C

B
(ii) Aolchloch

C.3
(i) Fíor
(ii) Fíor
(iii) Bréagach
(iv) Fíor

C.4
G
C
B
H
A
E
D
F

C.5
(i) Millteach / Coinbhéirseach
(ii) Ilchríochach
(iii) Fodhuchtú
(iv) Astanaisféar / Maintlín Uachtarach

C.6
(i) C
D
A
B
(ii) Dhá shainmhíniú @ 2 mharc an ceann

C.7
D Ardú teicteonach
B Ollghluaiseacht
A Gníomhaíocht bholcánach
C Síonchaitheamh ceimiceach

C.8
(i) Canáil Bhaile Shéamais
(ii) Crannóg
Clós, Ráth, Lios, Dúnfort
(iii) Droimnín
(iv) An tOirthuaisceart / OT

C.9
(i) Bréagach
(ii) Deisceart / ID / DID
(iii) Abhainn Chill Abhaicín
(iv) M 940/939 987/8

C.10
D
C
A
B

C.11
(i) 8.1
(ii) An tIarthar Láir
(iii) 83,427
(iv) Cúis bhailí 1+1

C.12
(i) An Fhionlainn
(ii) An Ostair
(iii) An Danmhairg
(iv) Glac le gach freagra for 2 marks

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

# Ceist 1

## A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chora Droma Rúisc atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann acu seo a leanas:

- Cúrsa iomlán na habhann is mó
- An chraobh-abhainn (fo-abhainn) sa chúlra ar clé
- Aimsigh an cumar agus marcáil le X ar an tsracléarscáil é
- Droimnín.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Comhréir + Fráma | 2+2 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Léiriú 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Ainmnithe 1 mharc |

- Tá an scála ceart a léiriú ag baint leis an gcomhréir
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar don tsracléarscáil nó gur cuid den aerfótagraf a tharraingítear, cailltear 2 mharc i ndáil leis an gcomhréir agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú
- Mura léirítear ach cuid den abhainn is mó, 3/1/0 as ucht í a léiriú ach 1 mharc as ucht í a ainmniú

## B. Carraigeacha Dríodair agus Carraigeacha Meiteamorfacha

Déan cur síos ar conas a fhoirmítear carraig dhríodair **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** mínigh go hachomair conas is féidir go n-iompófaí an charraig seo ina carraig mheiteamorfach.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Ainmnigh carraig dhríodair amháin | 2 mharc |
| Ainmnigh an charraig mheiteamorfach | 2 mharc |
| Foirmiú carraig dhríodair | 11 x PSÁ |
| Foirmiú carraig mheiteamorfach | 2 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid = 0 marc
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as cur síos ar charraig dhríodar amháin

**C. Creathanna Talún**

Mínigh, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, conas a chabhraíonn teoiric na teicteonaice plátaí linn míniú a thabhairt ar dháileadh creathanna talún ar fud an domhain.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Samplaí domhanda/láithreacha creathanna talún | 2+2 mharc |
| Plé | 13 x PSÁ |

- Mura ndéantar nasc idir teoiric na teicteonaice plátaí agus creathanna talún, uasmhéid 6 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ
- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid = 0 marc

## Ceist 2

### A. Teicteonaic Phlátaí – Creathanna Talún




Crios Fodhuchtaithe    Curtha in oiriúint ó www.andaman.org

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh na plátaí marcáilte **X** agus **Y**.

(ii) Cad é an mheánghluaiseacht bhliantúil a dhéanann an Pláta Indiach Astrálach?

(iii) Mínigh cad is brí leis an téarma 'eipealár'.

(iv) Ós rud é gur amach ón gcósta atá eipealár an chrith talún a thaispeántar thuas, ainmnigh agus mínigh go hachomair an phríomhiarmhairt a bheidh ag an gcrith talún seo ar an bhfarraige.

(v) Ainmnigh **dhá** scála a thomhaiseann méid/déine crith talún.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | X = Eoráiseach | 2 mharc |
| | Y = an tAigéan Chiúin | 2 mharc |
| (ii) | 55 mm | 2 mharc |
| (iii) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Súnámaí | 4 mharc |
| | Aon mhíniúchán bailí | 2 mharc |
| (v) | Aon dá scála | 2 + 2 mharc |

**B. Forbairt Tírghnéithe**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cabhair léaráid(í) lipéadaithe, foirmiú tírghné sil-leagain **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Léaráid lipéadaithe | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| Míniúchán | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid = 0 mharc
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as cur síos ar thírgné amháin
- Ceadaigh 1 PSÁ do shampla ón míniúchán

**Nó**

(ii) Mínigh próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus déan cur síos air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas a ainmniú | 2 mharc |
| Plé | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid
- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid = 0 mharc
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ón bplé
- Ceadaigh uasmhéid 7 x PSÁ más ollghluaiseacht amháin atá sa chur síos

**C. Próisis Dromchla**

Scrúdaigh, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat orthu, conas a chuaigh gníomhaíocht an duine i bhfeidhm ar phróisis abhann, ar phróisis chósta **nó** ar phróisis ollghluaiseachta.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht dhaonna a shonrú | 2 mharc |
| Iarmhairt a shonrú | 2 mharc |
| Sampla ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid
- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe ón scrúdúchán
- Tá scrúdúchán le déanamh ar an uile shampla sa bhreis orthu sin
- Tá plé le déanamh ar an uile iarmhairt sa bhreis orthu sin
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann na samplaí
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as cur síos ar ghníomhaíocht dhaonna amháin
- Cuirtear an plé ar fad a bhaineann le hábhar san áireamh

## Ceist 3

### A. Timthriall Carraigeacha




www.bbc.co.uk

Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an chatagóir charraige a fhoirmítear ag **A** agus ainmnigh sampla **amháin** den chatagóir charraige sin.

(ii) Ainmnigh an chatagóir charraige a fhoirmítear ag **B** agus ainmnigh sampla **amháin** den chatagóir carraige sin.

(iii) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig a fhoirmítear ag **C**.

(iv) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig a fhoirmítear ag **D**.

(v) Mínigh go hachomair an difríocht idir an próiseas síonchaithimh agus an próiseas creimthe.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | A - Dríodrach | 2 mharc |
| | Sampla | 2 mharc |
| (ii) | B - Meiteamorfach | 2 mharc |
| | Sampla | 2 mharc |
| (iii) | C - Aon sampla bailí | 4 mharc |
| (iv) | D - Aon sampla bailí | 4 mharc |
| (v) | Aon mhíniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B.** **Pábháil Aolchloiche**

Bain úsáid as léaráid(í) agus mínigh conas a mhúnlaigh síonchaitheamh ceimiceach an phábháil aolchloiche i gceantar carstach.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas a ainmniú | 2 mharc |
| Léaráid(í) lipéadaithe | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| Míniúchán | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéid = 0 marc
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an sampla
- Ceadaigh 1 PSÁ as sampla de réigiún carstach ón scrúdúchán
- Tá scrúdúchán le déanamh ar an uile phróiseas sa bhreis orthu sin
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as cur síos ar phábháil aolchloiche amháin

**C.** **Filleadh**

Mínigh, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, conas a théann filleadh i bhfeidhm ar fhorbairt an tírdhreacha.

| | |
|---|---|
| Samplaí | 2 + 2 mharc |
| Plé | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid
- Tugtar creidiúint bhreise as léaráidí ábhartha le lipéid do 2 x PSÁ
- Léaráid gan lipéadú = 0 marc
- Mura léirítear nasc idir filleadh agus iarmhairt ar an tírdhreach uasmhéid 6 x PSÁ

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach** / réigiún **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh iad seo a leanas:

- Gné den rilíf ainmnithe
- Abhainn ainmnithe
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Príomhbhóthar nó príomhnasc iarnróid.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Léarscáil imchrutha | 4 mharc grádaithe (4/1/0) |
| 4 ghné @ | 4 mharc an ceann: |
| Arna léiriú | 2 mharc grádaithe (2/1/0) |
| Ainmnithe | 2 mharc |

**B. Talmhaíocht san Eoraip**

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca sa liosta thíos:

- Rilíf
- Margaí
- Aeráid.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Míniúchán ar Thoisc 1 | 8 x PSÁ |
| Míniúchán ar Thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc

**C. Daonra na hÉireann**

Tabhair cúiseanna le dáileadh an daonra ar fud aon réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Scrúdúchán 15 x PSÁ

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hEorpa ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- 7 x PSÁ ar a mhéad as cur síos amháin sa scrúdúchán

## Ceist 5

### A. Trádáil Talmhaíochta in Éirinn

**Easpórtáil Feola agus Beostoic as Éirinn**

| **Speiceas** | **2009 €m** | **2010 €m** | **Athrú % 2009-2010** |
|---|---|---|---|
| Mairteoil | 1,397 | 1,510 | +8 |
| Muiceoil | 289 | 317 | +10 |
| Éineoil | 183 | 200 | +9 |
| Caoireoil | 164 | 170 | +4 |
| Ainmhithe beo | 213 | 245 | **X** |
| IOMLÁN | 2,246 | 2,442 | +9 |

www.themeatsite.com

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an t-athrú céatadánach ar easpórtáil Ainmhithe beo, idir 2009 agus 2010.

(ii) Cén speiceas ar tháinig an t-athrú céatadánach ab ísle air idir 2009 agus 2010?

(iii) Cén t-ardú a tháinig ar luach airgid na n-easpórtálacha mairteola idir 2009 agus 2010?

(iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhronnann easpórtálacha talmhaíochta ar gheilleagar na hÉireann.

(v) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** a bheidh roimh thionscal talmhaíochta na hÉireann sa todhchaí.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 15.02/15 | 4 mharc |
| (ii) | Caoireoil | 4 mharc |
| (iii) | €113 milliún | 4 mharc |
| (iv) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Coincheap an Réigiúin**

Scrúdaigh, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu, conas is féidir úsáid a bhaint as an tírdhreach fisiceach chun réigiúin a shainmhíniú.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Láithreacha ar leith ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

**C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Scrúdaigh conas a d'imir **dhá** cheann ar bith de na tosca sa liosta thíos tionchar ar fhorbairt réigiún uirbeach **amháin** i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Iompar
- Suíomh
- Gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Limistéar uirbeach a ainmniú | 2 mharc |
| Scrúdúchán ar thoisc 1 | 7 x PSÁ |
| Scrúdúchán ar thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha
- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do cheantar uirbeach ainmnithe ná do cheantar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- Is féidir le limistéar uirbeach a bheith ina chathair, cuid ar leith de chathair ainmnithe, nó ceantair ar nós an Randstad

## Ceist 6

**A. An tAontas Eorpach (AE) – 'Géarchéim an Euro'**

**Easnaimh sa bhuiséad (mar chéatadán d'olltáirgeacht intíre) na dtíortha i limistéar an euro sa bhliain 2010**




Scrúdaigh an graf thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad tír ina raibh an t-easnamh sa bhuiséad níos mó ná meán limistéar an euro in 2010?

(ii) Cad é an difríocht idir an t-easnamh sa bhuiséad (ina céatadán den olltáirgeacht intíre) in Éirinn agus san Ostair sa bhliain 2010?

(iii) Ainmnigh **dhá** cheann de shé bhallstát bunaidh an chomhaontais a dtugtar an AE air anois.

(iv) Ainmnigh **dhá** bhallstát den AE nach bhfuil i limistéar an euro.

(v) Mínigh go hachomair cad is brí le 'Géarchéim an Euro'.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 6 | 4 mharc |
| (ii) | 9.2 | 4 mharc |
| (iii) | Aon dá bhallstát bunaidh | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Aon dá bhallstát nach bhfuil i limistéar an euro | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B.** **Gníomhaíocht Gheilleagrach**

Pléigh na tosca a d'imir tionchar ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht gheilleagrach threasach a ainmniú | 2 mharc |
| Tosca | 2 + 2 mharc |
| Plé | 12 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hEorpa ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- Tá plé riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin – 6 x PSÁ ar a mhéad

**C.** **Dinimic na Réigiún - Próisis Dhaonna**

| | | |
|---|---|---|
| Dinimic an daonra | Teanga | Reiligiún |
| Forbairt uirbeach | Forbairt na tuaithe | |

Scrúdaigh conas a chuaigh **dhá** cheann ar bith de na tosca thuas i bhfeidhm ar fhorbairt réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip), a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Toisc 1:

| | |
|---|---|
| Iarmhairt | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 7 x PSÁ |

Toisc 2

| | |
|---|---|
| Iarmhairt | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 6 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin – 7 x PSÁ ar a mhéad

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**


## Ceist 7

### A. An Iarmhairt Cheaptha Teasa

| Astú iomlán $CO_2$ (Gás Ceaptha Teasa), 2009 | |
|---|---|
| **Réigiún** | **Astú $CO_2$ (ina mhilliúin de thonaí méadracha)** |
| An Afraic | 1,056 |
| Meiriceá Thuaidh | 6,954 |
| An Meánoirthear | 1,505 |
| An Áise agus an Aigéine | 11,219 |
| Meiriceá Láir & Theas | 1,384 |
| An Eoraip | 4,720 |
| Iomlán | 26,838 |

SAGE

**Astú Gás Ceaptha Teasa in aghaidh na hearnála san Eoraip in 2009**




Áisíneacht Chomhshaoil na hEorpa

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén réigiún is mó inar astaíodh $CO_2$ (gás ceaptha teasa) agus cén réigiún is lú inar astaíodh $CO_2$ (gás ceaptha teasa) in 2009?

(ii) Ríomh **X**, an céatadán den astú gás ceaptha teasa de thoradh na talmhaíochta san Eoraip in 2009.

(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** gurbh é Fuinneamh (lasmuigh den iompar) an earnáil leis an gcéatadán ab airde astaithe gás ceaptha teasa san Eoraip in 2009.

(iv) Ainmnigh **dhá** ghás ceaptha teasa seachas $CO_2$.

(v) Luaigh **dhá** shlí a dtéann an iarmhairt cheaptha teasa i bhfeidhm ar an talmhaíocht.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Is mó = An Áise & an Aigéine | 2 mharc |
| | Is lú = An Afraic | 2 mharc |
| (ii) | 10.5 | 4 mharc |
| (iii) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Dhá ghás ceaptha teasa | 2 + 2 mharc |
| (v) | Dhá iarmhairt arna lua | 2 + 2 mharc |

**B. Forbairt Gheilleagrach**

Agus fianaise ón léarscáil 1:50000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo á húsáid agat, mínigh **trí** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

**[30m]**

3 thoisc @ 10 marc an ceann
Do gach thoisc:

| | |
|---|---|
| Tosca arna ainmniú | 2 mharc |
| Fianaise na léarscáile | 2 mharc |
| Míniúchán | 3 x PSÁ |

- Sa chás gur bunaithe ar an aerfótagraf a bhíonn an freagra, ceadaítear marcanna i leith na dtosca a ainmniú agus sin amháin
- Sa chás nach bhfuil aon fhianaise léarscáile sa fhreagra, ceadaítear marcanna i leith na dtosca a ainmniú agus sin amháin
- Ná glactar le líon níos mó ná dhá thoisc a bhaineann le modhanna éagsúla iompair

**C. Polasaithe an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an tslí a bhíonn tionchar ag polasaithe an Aontais Eorpaigh ar an bhforbairt réigiúnach in Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar ainmnithe do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Caithfear scrúdúchán a dhéanamh ar gach tionchar eile
- Tugtar creidiúint as dhá pholasaí a ainmniú do 2 x PSÁ ón scrúdúchán
- Tá plé riachtanach i gcás gach polasaí sa bhreis orthu sin
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as cur síos ar pholasaí an AE
- Caithfear aon chur síos breise ar pholasaí a cheangal leis na tionchair ar fhorbairt réigiúnach

## Ceist 8

### A. Foinsí Fuinnimh

**Meastachán ar fhoinsí dúchasacha fuinnimh in Éirinn sa bhliain 2020**
**(cuid de na foinsí)**

| Foinse Fuinnimh | Céatadán |
|---|---|
| Gás nádúrtha | 6.1 |
| Móin | 4.9 |
| Grianchumhacht | 0.2 |
| Cumhacht hidrileictreach | 0.9 |
| Gaoth | 2.6 |
| Foraoiseacha agus coillearnach | 5.2 |

Transition Ireland

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann an céatadán measta d'fhoinsí dúchasacha fuinnimh in Éirinn sa bhliain 2020..

**[20m]**

(i) Bain úsáid as grafpháipéar agus tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Gach ais ar scála | 1+1 mharc | 1+1 mharc (Ciorcal & Láraithe) |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe | 2 mharc an ceann grádaithe |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán

(ii) Ainmnigh **dhá** fhoinse eile fuinnimh nach bhfuil ainmnithe thuas.

Dhá fhoinse eile ainmnithe @ 2 mharc an ceann

**B. Geilleagair i mbéal Forbartha**

Scrúdaigh iarmhairtí dearfacha agus diúltacha an choilíneachais ar gheilleagar tíre i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Iarmhairt dhearfach a shonrú | 2 mharc |
| Iarmhairt dhiúltach a shonrú | 2 mharc |
| Geilleagar i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x SRPs |

- 1 PSÁ amháin ar a laghad sa scrúdú ar na hiarmhairtí dearfacha
- 1 PSÁ amháin ar a laghad sa scrúdú ar na hiarmhairtí diúltacha
- Féadfaidh an faoileach PSÁ teacht ón scrúdú ginearálta ar na hiarmhairtí dearfacha nó ar na hiarmhairtí diúltacha nó ar an dá chineál iarmhairtí
- Scrúdú gan tagairt a dhéanamh do gheilleagar ainmnithe atá i mbéal forbartha 2 x PSÁ ar a mhéid
- 6 PSÁ ar a mhéid mura ndearnadh scrúdú ach ar na hiarmhairtí nó ar na hiarmhairtí diúltacha

**C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt tionscal gan chuing **nó** ar fhorbairt na turasóireachta i ngeilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionscal gan chuing ainmnithe | 2 mharc |
| Geilleagar forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionscal gan chuing ainmnithe do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Tá plé riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe – 2 x PSÁ ar a mhéad

**Nó**

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht Turasóireachta Ainmnithe | 2 mharc |
| Geilleagar forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara gníomhaíocht turasóireachta ainmnithe do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Tá plé riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe – 2 x PSÁ ar a mhéad

## Ceist 9

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chora Droma Rúisc atá in éineacht leis an bpáipéar seo. Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Foirgneamh mór atá á thógáil
- An droichead
- Carrchlós mór i lár an tulra
- Limistéar tionsclaíochta sa chúlra.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Comhréir + Fráma | 2+2 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Léiriú 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Ainmnithe 1 mharc |

**B. Cuideachtaí Ilnáisiúnta (MNC)**

Scrúdaigh an chaoi a mbíonn tionchar ag straitéisí corparáideacha ar oscailt agus ar dhúnadh brainsí de chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| MNC ainmnithe | 2 mharc |
| Straitéis chorparáideach ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as 2 straitéis bhreise a shonrú mar PSÁnna ón scrúdúchán
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'oscailt brainsí de chuideachta – 7 x PSÁ ar a mhéad
- Plé nach bhfuil tagairt ann do dhúnadh brainsí de chuideachta – 7 x PSÁ ar a mhéad

**C. Coimhlint Leasa**

Agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu, scrúdaigh conas a d'fhéadfadh coimhlint a theacht chun cinn idir leasa eacnamaíochta agus leasa comhshaoil.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Coimhlint a shonrú | 2 mharc |
| Tagairt do shampla | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara coimhlint a shonrú do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Tugtar creidiúint as tagairt don dara sampla do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Tig le samplaí a bheith ag tagairt do réigiún/choimhlint
- 6 x PSÁ ar a mhéad as plé ar thaobh amháin den argóint


**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Léarscáil Stairiúil**

**Léarscáil Stairiúil de Chora Droma Rúisc**




Scrúdaigh an léarscáil stairiúil de Chora Droma Rúisc a thaispeántar thuas.
Tarraing sracléarscáil den léarscáil stairiúil agus ar an tsracléarscáil sin, tarraing agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Dhá bhóthar / dhá shráid a bhuaileann le chéile
- Faiche an Aonaigh
- An scoil
- Foirgneamh riaracháin.

**[20m]**

Comhréir + Fráma — 2 + 2 mharc
4 ghné @ 4 mharc an ceann: — Léiriú 3 mharc (grádaithe 3/1/0)
Ainmnithe 1 mharc

**B.** **Uirbiú**

'Tá iarracht déanta ag na húdaráis i gcathracha sa domhan atá i mbéal forbartha fadhb an fháis uirbigh thapa a shárú.'
Scrúdaigh an ráiteas thuas agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Sampla ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Mura dtagraítear d'aon chathair/chathracha sa domhan atá i mbéal forbartha ná bronnfar marcanna sampla
- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe mar PSÁ ón scrúdúchán
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as plé ar fhadhb an fháis uirbigh amháin

## C. Athrú Daonra

Comhchoda den athrú ar dhaonra na hÉireann (meánfhigiúirí bliantúla)
i ngach tréimhse idir na daonáirimh, 1956-2011




Agus tagairt agat don ghraf thuas, déan cur síos ar **thrí** athrú ar dhaonra na hÉireann idir 1956 agus 2011 agus mínigh iad.

**[30m]**

3 athrú @ 10 marc an ceann
As gach ceann de na **trí** athrú:

| | |
|---|---|
| Tagairt do ghraf | 2 mharc |
| Míniúchán | 4 x PSÁ |

- Mura dtagraítear don ghraf, ceadaigh 1 PSÁ i leith an athraithe a shonraítear ó PSÁnna míniúcháin

## Ceist 11

### A. Iompar agus Trácht

**Feithiclí nua a cláraíodh de réir aicme chánachais ó Eanáir go Lúnasa, 2008 go 2010**

| Aicme Chánachais | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Príobháideach | 137,566 | 49,142 | 73,689 |
| Feithiclí Earraí | 27,200 | 7,744 | 8,462 |
| Tarracóirí | 3,579 | 1,583 | 1,081 |
| Gluaisrothair | 2,508 | 1,553 | 1,048 |
| Eile | 2,751 | 1,058 | 630 |
| **Iomlán** | **173,604** | **61,080** | **84,910** |

An Príomh-Oifig Staidrimh

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad feithicil phríobháideach a cláraíodh ó Eanáir go Lúnasa sa bhliain 2009?
(ii) Cén laghdú céatadánach a tháinig ar na feithiclí earraí a cláraíodh ó Eanáir go Lúnasa idir 2008 agus 2009?
(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an laghdú seo.
(iv) Luaigh **dhá** chúis le plódú tráchta.
(v) Mínigh go hachomair slí **amháin** a ndéanann na húdaráis iarracht ar fhadhb an phlódaithe tráchta a réiteach.

**[20m]**

5 chuid @ 4 mharc an ceann

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 49,142 | 4 mharc |
| (ii) | 71.5/71.52 | 4 mharc |
| (iii) | Cúis bhailí mínithe | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Dhá chúis a lua | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Feidhmeanna Uirbeacha**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf atá in éineacht leis an bpáipéar seo.
Scrúdaigh **trí** fheidhm dhifriúla ar bith atá ag Cora Droma Rúisc agus fianaise ón aerfótagraf á húsáid agat mar thacaíocht le do fhreagra.

**[30m]**

Trí fheidhm @ 10 marc an ceann
As gach ceann de na trí feidhm:

| | |
|---|---|
| Feidhm ainmnithe | 2 mharc |
| Láthair na fianaise ar an aerfótagraf | 2 mharc |
| Míniúchán | 3 x PSÁ |

- Sa chás gur bunaithe ar an léarscáil SO a bhíonn an freagra, ceadaítear marcanna i leith na feidhme a ainmniú agus sin amháin

**C. Athrú Déimeagrafach**

Mínigh conas a théann dul chun cinn sa teicneolaíocht i bhfeidhm ar fhás daonra agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Samplaí de dhul chun cinn ar leith sa teicneolaíocht | 2 + 2 mharc |
| Iarmhairtí ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdúchán | 11 x PSÁ |

- Tá plé le déanamh ar an uile iarmhairt sa bhreis orthu sin
- Ceadaítear 6 x PSÁ ar a mhéad as plé ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht amháin

## Ceist 12

### A. Ionchas Saoil

**Ionchas Saoil na gCailíní ag am a mbreithe (ina bhlianta)**

| Tír | 1990 | 2009 |
|---|---|---|
| An Bhulgáir | 75 | 77 |
| Éire | 78 | 83 |
| An Ghearmáin | 80 | 83 |

Eurostat

Scrúdaigh na sonraí sa tábla thuas a thaispeánann ionchas saoil na gcailíní ag am a mbreithe i roinnt tíortha san Eoraip.

**[20m]**

(i) Bain úsáid as grafpháipéar agus tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Gach ais | 1+1 mharc | 1+1 mharc (Ciorcal & Láraithe) |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe | 2 mharc an ceann grádaithe |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán
- Ní mór dhá phíchairt a léiriú chun lánmharcanna a ghnóthú
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú

(ii) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil an t-ionchas saoil ag ardú san Eoraip i gcoitinne.

Dhá chúis luaite ag 2 mharc an ceann

**B. Dáileadh Daonra**

Agus tagairt agat don léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis atá in éineacht leis an bpáipéar seo, bain úsáid as eolas lonnaíochta chun na príomhghnéithe den dáileadh daonra sa cheantar a léirítear ar an léarscáil a mhíniú.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dhá fhianaise léarscáile | 2 + 2 mharc |
| Dhá ghné den dáileadh | 2 + 2 mharc |
| Míniúchán | 11 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an tríú tagairt léarscáile do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Tugtar creidiúint as an tríú gné den dáileadh a shonraítear do 1 PSÁ ón scrúdúchán
- Mura ndéantar tagairt don léarscáil, tugtar creidiúint do ghnéithe den dáileadh a shonraítear, 3 x PSÁ ar a mhéad

**C. Athrú ar Phatrúin Talamhúsáide**

Déan cur síos ar an athrú ar an talamhúsáid i limistéar uirbeach a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh é.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Pátrúin talamhúsáide a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Limistéar uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Scrúdúchán nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc
- Is féidir le limistéar uirbeach a bheith ina chathair, cuid ar leith de chathair ainmnithe, nó ceantair ar nós an Randstad.
- Tá plé riachtanach i gcás gach pátrúin talamhúsáide sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Mura dtugtar míniúchán 6 x PSÁ ar a mhéad

## ROINN 3 – ROGHAONAID

**Ceist 13 go 24**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fear **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOs) ar chumhachtú daoine, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**14.** Scrúdaigh an ról a bhíonn ag fiachas náisiúnta, trádáil chóir agus pátrúin de sheilbh talún i bhforbairt gheilleagrach tíortha i mbéal forbartha.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**15.** Scrúdaigh na cúiseanna le dífhoraoisiú ar scála áitiúil agus ar scála domhanda agus na hiarmhairtí a bhaineann leis.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1 a bheith ann

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fear **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Mínigh conas atá an síonchaitheamh, an láisteadh agus an podsalúchán tar éis dul i bhfeidhm ar thréithe na hithreach.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**17.** Pléigh conas is féidir le gníomhaíochtaí an duine creimeadh na hithreach a bhrostú.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**18.** Scrúdaigh conas is féidir le **trí** cinn ar bith de na gníomhaíochtaí sa liosta thíos dul i bhfeidhm ar bhithóim:

- lonnaíocht luath agus glanleagan foraoisí
- glanleagan foraoisí trópaiceacha báistí
- cleachtais diantalmhaíochta
- forbairt thionsclaíoch.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 |
| Gné a shonrú: | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe |

- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fear **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Is féidir go dtarlódh coimhlintí idir rialtais náisiúnta agus grúpaí cultúir. Pléigh é sin.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**20.** Scrúdaigh tionchar an choilíneachais ar dháileadh ciníocha.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

**21.** Scrúdaigh tábhacht na teanga mar tháscaire cultúrtha.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fear **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Is féidir le tréithe aeráide athrú le himeacht an ama agus in áiteanna difriúla. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1 a bheith ann

**23.** Scrúdaigh tionchar an fhliuchrais ar an talmhaíocht agus ar sholáthar uisce tí.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ní foláir cóimheas 1:2 nó 2:1 nó 2:2 nó 1:3 nó 3:1 a bheith ann

**24.** Scrúdaigh an malartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar.

**[80m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na ngnéithe: | 3 @ 27 + 27 + 26 | | 4 @ 20 marc an ceann |
| Gné a shonrú: | 4 mharc | | 4 mharc |
| Plé: | 8 x PSÁ | NÓ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 7/6 mharc grádaithe | | 4 mharc grádaithe |

- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)
- Ceadaítear creidiúint suas le 2 PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla)

## FIOSRÚCHÁN TÍREOLAÍOCHTA

**1. RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc amháin an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc amháin |

**2. PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc amháin an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc amháin |

**3. BAILIÚ EOLAIS** (40 marc):

Dhá mhodh/thasc @ 20 marc an ceann

| | |
|---|---|
| I leith gach modha/taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht.
- Is féidir glacadh le modh mar thasc ar ionann é agus liosta beart cónasctha a bhaineann le hábhar an bhailiúcháin.
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má bhaineann siad le gníomhaíocht an bhailiúcháin.
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa roinn scríofa seo.

**4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL** (30 marc):

Trí theideal @ 8 marc an ceann

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 6 mharc grádaithe |

- Baintear tátail go díreach nó go hindíreach as na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.

**5 EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ** (20 marc):

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc grádaithe |

- Cur i láthair in dhá fhoirm ghrafacha ar leith riachtanach – mar shampla, graif/cairteacha/léarscáileanna/táblaí/sracléaráidí etc.
- An cur i láthair le déanamh ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na cairte.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**Scéim Ghinearálta:**

Suas le 4 x PSÁ in aghaidh gach cairte / léarscáile / tábla / sracléaráid etc.
Comhleanúnachas Ginearálta: 4 mharc grádaithe

**BARRACHAIRT/TREOGHRAF/SCAIPGHRAF etc:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha air: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe/bharra arna dtarraingt agus lipéadú go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal a bhfuil an lárphointe go cruinn ann: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá réimse arna dtarraingt agus lipéadú go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE/TÁBLA:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Boscaí: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna lipéadaithe (trasna): | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Colúin lipéadaithe (an taobh): | 1 PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID/LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

- Ní thugtar PSÁ i leith faisnéise nach bhfuil fiúntas léi maidir leis na torthaí.

## Liosta na dTopaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta 2012

**1.** Staidéar ar thírghné amháin atá le feiceáil i dtírdhreach na hÉireann agus a foirmíodh le próisis gheomorfacha.

**2.** Staidéar ar an gcoibhneas idir an ghníomhaíocht eacnamaíochta agus sruth an tráchta i gceantar áitiúil.

**3.** Anailís ar an athrú le himeacht aimsire ar phatrún na talamhúsáide ón Lárcheantar Gnó amach i gceantar áitiúil.

**4.** Truailliú an Uisce – Staidéar ar shruth nó ar abhainn áitiúil.

**5.** Athrú déimeagrafach i gceantar áitiúil.

**6.** Suirbhé ar dháileadh na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta i gceantar áitiúil, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

### Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 300. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais | Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|---|---|
| 301 - 303 | 29 | 351 - 353 | 14 |
| 304 - 306 | 28 | 354 - 356 | 13 |
| 307 - 310 | 27 | 357 - 360 | 12 |
| 311 - 313 | 26 | 361 - 363 | 11 |
| 314 - 316 | 25 | 364 - 366 | 10 |
| 317 - 320 | 24 | 367 - 370 | 9 |
| 321 - 323 | 23 | 371 - 373 | 8 |
| 324 - 326 | 22 | 374 - 376 | 7 |
| 327 - 330 | 21 | 377 - 380 | 6 |
| 331 - 333 | 20 | 381 - 383 | 5 |
| 334 - 336 | 19 | 384 - 386 | 4 |
| 337 - 340 | 18 | 387 - 390 | 3 |
| 341 - 343 | 17 | 391 - 393 | 2 |
| 344 - 346 | 16 | 394 - 396 | 1 |
| 347 - 350 | 15 | 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise.

Nóta: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi pháipéar scrúdaithe mionathraithe.